2022.M5

2022L001G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Gaeilge

## Páipéar 1
## (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

## Gnáthleibhéal

## Dé Luain 13 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 – 3:50

160 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú seo sna spásanna atá curtha ar fáil sa fhreagarleabhar seo.

Scríobh do chuid freagraí **le peann i ndúch gorm nó dubh**. **Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid.**

Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** chuid sa scrúdú seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cuid I | An Chluastuiscint | **60 marc** |
| Cuid II | An Cheapadóireacht | **100 marc** |

| Cuid I | An Chluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

Freagair gach cuid – A, B, C – sa fhreagarleabhar seo.
Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

## Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

### FÓGRA A hAON

**1. (a)** Cé a chuir amach an fógra seo?

**(b)** Cén t-ainm a bheidh ar an gclár a chuirfidh an duine i láthair?

**2. (a)** Cad a fhógróidh an láithreoir i ndiaidh na gcluichí?

**(b)** Cén tuarastal a gheobhaidh an duine a cheapfar?

### FÓGRA A DÓ

**1. (a)** Cén grúpa i Scoil an Droichid a chuir amach an fógra seo?

**(b)** Cén téama a bheidh sna díospóireachtaí ranga a eagrófar do na scoláirí sóisearacha?

**2. (a)** Cén t-am a thaispeánfar scannán dar teideal 'Ár bPláinéad i mBaol' do na scoláirí sinsearacha?

**(b)** Cén rud nach mbeidh cead ag scoláirí a thabhairt isteach sa cheaintín leo ag am lóin?

## Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

**COMHRÁ A hAON**

***An Chéad Mhír***

**1**. Cén uair a rinne Seán an triail tiomána?

**2.** Cé a d'íoc as ceachtanna tiomána do Chiara?

***An Dara Mír***

**1.** Cad atá gar do lóistín Sheáin i mBaile Átha Cliath?

**2.** Cá bhfuil Ciara ina cónaí?

**COMHRÁ A DÓ**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cá raibh Máire ag siopadóireacht?

**2.** Cé mhéad a chosain an cóta dearthóra a cheannaigh Máire?

***An Dara Mír***

**1.** Cad a thagann díreach chuig teach Phóil?

**2.** Cad a cheannaigh Máire ar líne le déanaí?

## Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

**PÍOSA A hAON**

**1.** Cé a sheol an polasaí nua dar teideal 'Tithíocht do Chách' i mí Mheán Fómhair seo caite?

**2.** Cathain a bheidh deireadh le fadhb na heaspa dídine, dar leo?

**PÍOSA A DÓ**

**1.** Cá bhfuil an scannán *Arracht* suite?

**2.** Cén aois a bhí ag Dónall Ó Héalaí nuair a thosaigh sé ag aisteoireacht den chéad uair?

## Cuid II    An Cheapadóireacht    100 marc

## Treoracha

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

## Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

### A | Giota Leanúnach / Blag | 50 marc

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(i) Mo chairde.

(ii) An séasúr is fearr liom.

(iii) Post samhraidh.

### B | Scéal | 50 marc

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeadh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar ***tús*** leis.

(i) Sheas mé ag doras an tseomra. Níor chreid mé mo shúile. Bhí mo chairde go léir ann …

**nó**

(ii) Is cuimhin liom an oíche go maith. Lean mé féin agus mo chara an cosán tríd an gcoill. Go tobann, chonaiceamar solas i bhfad uainn …

### C | Litir / Ríomhphost | 50 marc

(i) Tá club nua bunaithe i do cheantar féin. Chláraigh tú leis an gclub nua sin.
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di faoin gclub nua sin **agus** faoi na himeachtaí a bhíonn ar siúl agat sa chlub.

**nó**

(ii) Bhí ceiliúradh dheireadh na bliana ar siúl i do scoil Dé hAoine seo caite. Bronnadh gradam speisialta ortsa ag an gceiliúradh sin.
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig do dheartháir / do dheirfiúr ag insint dó / di faoin gceiliúradh sin **agus** faoin ngradam a bronnadh ort.

### D | Comhrá | 50 marc

(i) Taitníonn an éide scoile leat ach ní thaitníonn sí in aon chor le do chara.
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoin ábhar sin.

**nó**

(ii) Tá do thuismitheoirí míshásta le do chuntas *Instagram*.
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoin ábhar sin.

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gaeilge – Páipéar 1
# (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

Dé Luain 13 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 – 3:50